

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/959 ÓN gCOIMISIÚN  
an 16 Meitheamh 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le torthaí áirithe *Capsicum* (L.), *Citrus* L., *Citrus sinensis* Pers., *Prunus persica* (L.) Batsch agus *Punica granatum* L. a thabhairt isteach san Aontas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 41(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is éard a leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, i gCuid A d'Iarscríbhinn II, liosta lotnaidí coraintín de chuid an Aontais nach eol a bheith ann i gcríoch an Aontais. Féachtar le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 le cosc a chur ar theacht isteach, ar bhunú agus ar scaipeadh na lotnaidí coraintín sin i gcríoch an Aontais trí cheanglais speisialta a leagan amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis maidir le plandaí áirithe, táirgí planda agus réada eile a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais.
- (2) Liostaítear *Thaumatococcus leucocarpa* (Meyrick) ("an lotnaid shonraithe") mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais, nach fios gur ann di san Aontas, i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Liostaítear freisin í mar lotnaid tosaíochta san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Tá an lotnaid shonraithe polafagach agus idircheapadh í ar roinnt phlanda óstaigh le linn rialuithe teorann i gcríoch an Aontais.
- (3) Tá ceanglais shonracha ann i dtaca le hallmhairiú torthaí *Capsicum* (L.), *Citrus* L., seachas *Citrus aurantiifolia* (Christm.) Swingle agus *Citrus limon* (L.) Osbeck, torthaí *Prunus persica* (L.) Batsch agus *Punica granatum* L. chun críoch an Aontais a chosaint ar an lotnaid shonraithe <sup>(4)</sup>. Is catagóir é *Citrus* L. a chumhdaíonn torthaí *Citrus sinensis* Pers.
- (4) De réir na ceanglais atá ann cheana i dtaca le hallmhairiú, sula ndéantar trádáil ní mór faisnéis a chur in iúl maidir le saoirse na tíre agus saoirse an limistéir ón lotnaid shonraithe, agus maidir le húsáid cur chuige córas agus aon chóireáil iarbhuainte, mar aon le faisnéis dhoiciméadach maidir le héifeachtacht na gceanglas sin. Leis an bhfaisnéis sin ba cheart é a bheith níos éasca meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gceanglas speisialta atá ann faoi láthair. Ba cheart an éifeachtacht sin a thomhas ag brath ar an líon neamhchomhlíontachtaí de dheasca na lotnaide sonraithe a bheith ar na tráchtearraí allmhairithe is óstaigh iad.
- (5) Toisc go dtarlaíonn neamhchomhlíontachtaí coinsíneachtaí go fóill le linn rialuithe teorann i gcríoch an Aontais maidir leis na ceanglais shonracha i dtaca le hallmhairiú de dheasca láithreach na lotnaide sonraí ar na tráchtearraí is óstaigh, tá údar maith le leasú a dhéanamh ar na ceanglais speisialta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Go háirithe, maidir leis na ceanglais speisialta a bhaineann le saoirse an áit táirgthe, le húsáid cóireálacha iarbhuainte agus leis an gcur chuige córas, ba cheart na ceanglais sin a leasú chun gealltanais níos fearr a chur ar fáil i leith saoirse ó lotnaidí na dtráchtearraí torthaí a thrádáiltear.

<sup>(1)</sup> IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta lotnaidí tosaíochta a bhunú (IO L 260, 11.10.2019, lch. 8).

<sup>(4)</sup> EPPO (2013) *Pest risk analysis for Thaumatococcus leucocarpa*. EPPO, Páras. <https://pra.eppo.int/pra/9305d7ed-2788-46dc-882d-b4641fa24fff>

- (6) Tá leasú na gceanglas speisialta bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch agus teicniúil ón analís riosca lotnaide a rinne an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí (EPPO), ar na measúnuithe riosca tráchtarraí a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia i leith torthaí speicis *Citrus* arna n-allmhairiú ó Iosrael <sup>(5)</sup> agus ón Afraic Theas <sup>(6)</sup>, ar an litríocht eolaíoch ábhartha agus ar bharúlacha a fuarthas ó thríú tíortha tar éis comhairliúcháin laistigh den Eagraíocht Domhanda Trádála (an Comhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta).
- (7) Formheas saoráidí, ceanglais maidir le saoráidí cóireála, faireachas, iniúchóireacht, nósanna imeachta doiciméadachta agus coimeád taifead i leith na cóireála a chuirtear i bhfeidhm, ba cheart na nithe sin uile a áirithiú chun sábháilteacht agus inrianaitheacht a ráthú.
- (8) Faoi láthair, na ceanglais a bhunaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le torthaí *Citrus* L., tá siad infheidhme freisin i leith *Citrus sinensis* Pers. Ar bhonn na sonraí neamhchomhlíontachta de dheasca láithreach na lotnaide sonraithe ar thorthaí *Citrus*, ba cheart torthaí *Citrus sinensis* Pers. a bheith faoi réir ceanglais ar leith, agus ní faoi réir na gceanglas céanna agus torthaí eile *Citrus* L. Tá sé sin tábhachtach chun go n-áiritheofar a saoirse ón lotnaid shonraithe ar bhealach níos fearr. Ba cheart cur chuige córas a bheith mar chuid de na ceanglais sin, le córas sonrach ina bhfuil cóireáil fhuar, b'fhéidir le cém réamhfhuaraithe chun an dóchúlacht is airde go mbeidh na torthaí saor ón lotnaid a áirithiú.
- (9) Maidir le *Citrus sinensis* Pers., chun deis a thabhairt do na húdaráis inniúla agus do na hoibreoirí gairmiúla iad féin a oiriúnú don chur chuige córas, ba cheart foráil a dhéanamh do cheanglas malartach agus sealadach cur chuige, cur chuige ina bhfuil cém ina réamhfhuaraithe an laíon torthaí go dtí 5 °C, sula ndéantar cóireáil fhuar air ar feadh ar a laghad 25 lá ag teocht a shocraítear idir – 1 °C agus + 2 °C, go dtí an 31 Nollaig 2022.
- (10) I gcás *Citrus sinensis* Pers., nuair a chuirtear an chóireáil fhuar i bhfeidhm le linn do na torthaí a bheith á n-iompar, ba cheart na taifid maidir le cur i bhfeidhm na cóireála sin a choimeád agus a chur ar fáil arna iarraidh sin.
- (11) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm agus feidhm a bheith aige a luaithe is féidir chun go gcuirfead na ceanglais treisithe, ar ceanglais iad lena méadaítear cosaint an Aontais ar an lotnaid sin, i bhfeidhm laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir chun coinsíneachtaí na dtorthaí sonraithe atá á n-iompar chuig an Aontas tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin a chur san áireamh.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 14 Iúil 2022.

<sup>(5)</sup> Scientific Opinion on the commodity risk assessment of *Citrus* L. fruits from Israel for *Thaumatococcus leucocotretus* under a systems approach. [Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtarraí ar thorthaí *Citrus* L. ón Iosrael i leith *Thaumatococcus leucocotretus* faoi chur chuige córas]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(3):6427, 36 lch. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6427>

<sup>(6)</sup> Scientific Opinion on the commodity risk assessment of *Citrus* L. fruits from South Africa for *Thaumatococcus leucocotretus* under a systems approach [Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtarraí ar thorthaí *Citrus* L. ón Afraic Theas i leith *Thaumatococcus leucocotretus* faoi chur chuige córas]. *EFSA Journal* [Iris EFSA];19(8):6799, 63 lch. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6799>

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear an tábla in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 62:

"62.	Torthaí <i>Capsicum</i> (L.), <i>Citrus</i> L., seachas <i>Citrus aurantiifolia</i> (Christm.) Swingle <i>Citrus limon</i> (L.) Osbeck. agus <i>Citrus sinensis</i> Pers., <i>Prunus persica</i> (L.) Batsch agus <i>Punica granatum</i> L.	0709 60 10 0709 60 91 0709 60 95 0709 60 99 ex 0805 10 80 ex 0805 21 10 ex 0805 21 90 ex 0805 22 00 ex 0805 29 00 ex 0805 40 00 ex 0805 50 10 ex 0805 90 00 0809 30 10 0809 30 90 ex 0810 90 75	Tíortha ar mhór-roinn na hAfraice, Cabo Verde, San Héilín, Madagascar, La Réunion, Oileán Mhuirís agus Iosrael	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:</p> <p>(a) is de thionscnamh tír iad na torthaí a aithnítear a bheith saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an stádas go bhfuil sí saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>nó</p> <p>(b) is de thionscnamh limistéar iad na torthaí a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick) i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 4<sup>(*)</sup>. Luaitear an limistéar atá saor ó lotnaidí ar an deimhniú fíteashláintíochta, ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an stádas go bhfuil an limistéar sin saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>nó</p> <p>(c) gur fíor an méid seo a leanas i leith na dtorthaí:</p> <p>(i) is de thionscnamh áit táirgthe iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sí saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick) i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 10<sup>(**)</sup>, agus ar áit táirgthe í a áirítear ar an liosta de chóid na n-áiteanna táirgthe a chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p>
------	--	---	--	--

			<p>agus</p> <p>(ii) cuireadh faoi réir cigireachtaí oifigiúla iad san áit táirgthe ag amanna iomchuí i rith an tséas-úir fáis agus roimh a n-onnmh-airiú, lena n-áirítear scrúdú súl de dhéine lena n-aimsítear ar a laghad leibhéal 2 % inmhíolaithe, le leibhéal muiníne 95 % i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fiteashláintíochta CIBF 31 (""') agus lena n-áirítear sampláil scriosach i gcás gur ann do shiomp-tóim, agus fuarthas iad a bheith saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick),</p> <p>agus</p> <p>(iii) tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leis na torthaí a léiríonn cóid na n-áiteanna táirgthe,</p> <p>nó</p> <p>(d) gur fíor an méid seo a leanas i leith na dtorthaí:</p> <p>(i) is i láithreán táirgthe formheasta a táirgeadh iad, ar láithreán é a áirítear ar an liosta de chóid na láithreán táirgthe a chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>agus</p> <p>(ii) cuireadh faoi réir cur chuige córas éifeachtach iad chun a áirithiú go bhfuil siad saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick) i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fiteashláintíochta CIBF 14 (""'), nó faoi réir cóireáil éifeachtach neamhspleách iarbhuainte chun a áirithiú go bhfuil siad saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick), ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an cur chuige córas nó an cóireáil iarbhuainte sin faoi seach, mar aon le fianaise dhoiciméadach maidir lena héifeachtacht, in iúl don Choimisiún</p>
--	--	--	--

				<p>i scríbhinn roimh ré, agus ar choinníoll go ndearna an tÚdaráis Eorpach um Shábháilteacht Bhia measúnú ar an gcóireáil iarbhuainte,</p> <p>agus</p> <p>(iii) roimh a n-onnmhairiú, cuir-eadh faoi réir cigireachtaí oifigiúla iad chun láithreach <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick) a aimsiú, ar cigireachtaí iad de dhéine lena n-aimsítear ar a laghad leibhéal 2 % inmhiolaithe, le leibhéal muiníne 95 % i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 31 ("") agus lena n-áirítear sampláil scríosach i gcás gur ann do shiomptóim,</p> <p>agus</p> <p>(iv) tá deimhniú fíteashláintíochta ag gabháil leo a léiríonn cóid na láithreán táirgthe agus a luann sonraí na cóireála iarbhuainte a úsáideadh, nó a luann gur úsáideadh cur chuige córas."</p>
--	--	--	--	--

(2) cuirtear isteach an pointe 62.1 seo a leanas idir pointe 62 agus pointe 63:

"62.1	Torthaí <i>Citrus sinensis</i> Pers.	0805 10 22 0805 10 24 0805 10 28 ex 0805 10 80	Tíortha ar mhór-roinn na hAfraice, Cabo Verde, San Héilín, Madagascar, La Réunion, Oileán Mhuiris agus Iosrael	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:</p> <p>(a) is de thionscnamh tír iad na torthaí a aithnítear a bheith saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an stádas go bhfuil sí saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>nó</p> <p>(b) is de thionscnamh limistéar iad na torthaí a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick) i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 4("). Luaitear an limistéar atá saor ó lotnaidí ar an deimhniú fíteashláintíochta, ar</p>
-------	--------------------------------------	---	--	--

			<p>choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an stádas go bhfuil an limistéar sin saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>nó</p> <p>(c) gur fíor an méid seo a leanas i leith na dtorthaí:</p> <p>(i) is de thionscnamh áit táirgthe iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sí saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick) i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 10<sup>(*)</sup>, agus ar áit táirgthe í a áirítear ar an liosta de chóid na n-áiteanna táirgthe a chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>agus</p> <p>(ii) chuaigh siad faoi réir cigireachtaí oifigiúla san áit táirgthe ag amanna iomchuí i rith an tséasúir fáis agus roimh a n-onnmhairiú, lena n-áirítear scrúdú súl de dhéine lena n-aimsítear ar a laghad leibhéal 2 % inmhiolaithe, le leibhéal muiníne 95 % i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 31<sup>(**)</sup> agus lena n-áirítear sampláil scriosach i gcás gur ann do shiomptóim, agus a fuarthas a bheith saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick),</p> <p>agus</p> <p>(iii) tá deimhniú fíteashláintíochta ag gabháil leis na torthaí a léiríonn cóid na n-áiteanna táirgthe,</p>
--	--	--	--

			<p>nó</p> <p>(d) gur fíor an méid seo a leanas i leith na dtorthaí:</p> <p>(i) is i láithreán táirgthe formheasta a táirgeadh iad, ar láithreán é a áirítear ar an liosta de chóid na láithreán táirgthe a chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>agus</p> <p>(ii) chuaigh siad faoi réir:</p> <p>— cur chuige córas éifeachtach lena n-áirítear cóireáil fhuar idir 0 °C agus – 1 °C ar feadh ar a laghad 16 lá, i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 14(****) agus CIBF 42(****), ar choinníoll go ndearna an tríú tír onnmhairithe doiciméadú agus seiceáil ar an gcóireáil fhuar i leith gach coinsíneachta agus ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an cur chuige córas, mar aon le fianaise dhoiciméadach maidir lena éifeachtacht, in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>nó</p> <p>— cur chuige córas éifeachtach i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta CIBF 14(****), cur chuige ina bhfuil céim ina réamhfhuaráitear an laíon torthaí go dtí an teocht ar a dhéantar an chóireáil fhuar, sula ndéantar an chóireáil fhuar sin ar feadh ar a laghad 20 lá ag teocht a shocraítear idir – 1 °C agus + 2 °C, ar choinníoll go ndearna an tríú tír onnmhairithe doiciméadú agus seiceáil ar an gcéim</p>
--	--	--	--



			<p>réamhfhuaraithe agus ar an gcóireáil fhuar i leith gach coinsíneachta, agus ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an cur chuige córas mar aon le fianaise dhoiciméadach maidir lena éifeachtacht in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>nó</p> <p>— cóireáil éifeachtach neamhspleách iarbhuainte chun a áirithiú go bhfuil siad saor ó <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick), ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an chóireáil iarbhuainte, mar aon le fianaise dhoiciméadach maidir lena héifeachtacht, in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré agus go ndearna an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia measúnú uirthi,</p> <p>nó</p> <p>— go dtí an 31 Nollaig 2022, cur chuige córas éifeachtach i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fiteashláintíochta CIBF 14(****), cur chuige ina bhfuil céim ina réamhfhuaraithe an laíon torthaí go dtí 5 °C, sula ndéantar cóireáil fhuar air ar feadh ar a laghad 25 lá ag teocht a shocraítear idir – 1 °C agus + 2 °C, ar choinníoll go ndearna an trú tír onmhairithe doiciméadú agus seiceáil ar an gcéim réamhfhuaraithe agus ar an gcóireáil fhuar i leith gach coinsíneachta, agus ar choinníoll gur chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tír thionscnaimh an cur chuige córas mar aon le fianaise dhoiciméadach maidir lena éifeachtacht in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p>
--	--	--	---

				<p>agus</p> <p>(iii) roimh a n-onnmhairiú, cuir-eadh faoi réir cigireachtaí oifigiúla iad chun láithreach <i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick) a aimsiú, ar cigireachtaí iad de dhéine lena n-aimsítear ar a laghad leibhéal 2 % inmhiolaithe, le leibhéal muiníne 95 % i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fiteashláintíochta CIBF 31 (""') agus lena n-áirítear sampláil scriosach i gcás gur ann do shiomptóim,</p> <p>agus</p> <p>(iv) tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo a léiríonn cóid na láithreán táirgthe, deimhniú ina luaitear sonraí na cóireála iarbhuainte a úsáideadh nó ar úsáideadh cur chuige córas, mar aon leis an teocht réamhshocraithe a úsáideadh agus fad na cóireála a úsáideadh sa chur chuige córas sin;</p> <p>agus</p> <p>(v) i gcás inar cuireadh an chóireáil fhuar i bhfeidhm le linn an iompair, i dteannta an deimhnithe fiteashláintíochta, coimeádadh taifid maidir le cur i bhfeidhm na cóireála agus cuireadh ar fáil iad arna iarraidh sin.</p>
--	--	--	--	--

(<sup>1</sup>) CIBF 4 'Ceanglais maidir le limistéir atá saor ó lotnaidí a bhunú'.

(<sup>2</sup>) CIBF 10 'Ceanglais maidir le háiteanna táirgthe atá saor ó lotnaidí agus láithreán táirgthe atá saor ó lotnaidí a bhunú'.

(<sup>3</sup>) CIBF 31 'Modheolaíochtaí maidir le sampláil coinsíneachtaí'.

(<sup>4</sup>) CIBF 42 'Ceanglais maidir le húsáid cóireálacha teochta mar bhearta fiteashláintíochta'.

(<sup>5</sup>) CIBF 14 'Úsáid beart comhtháite i gcúir chuige córas chun an riosca lotnaide a bhainistiú'."